# Rochtain don Phobal ar ábhar i gCartlann TG4

Is craoltóir seirbhíse poiblí TG4 ar mian leis a ábhar a sholáthar go forleathan. Dá réir sin, tá socruithe cuí againn chun freastal ar iarratais réasúnacha rochtana ón phobal ar an ábhar atá ar coimeád inár gcartlann.

Leagtar amach anseo polasaí TG4 i leith na rochtana poiblí seo, ar dualgas reachtúil é san Acht Craolacháin 2009.

Tá Cartlann TG4 1996-2011 á digitiú agus á clárú faoi láthair. Éascóidh seo go mór an rochtain atá ar ábhar ó thús-tréimhse na seirbhíse. De réir mar a chuirtear an togra sin i gcrích, éascófar tuilleadh an próiseas rochtana don phobal.

Seo mar a oibríonn Scéim Rochtana TG4 don phobal.

Seol d'fhiosrúchán ar an bhfoirm thíos chuig cartlann@tg4.ie Sa bhfiosrúchán beidh sonraí an chláir atá i gceist agat, a theideal cruinn agus dáta craolta más féidir. Gheobhaidh tú admháil uainn láithreach.

Féachfar le freagra ar d'fhiosrúchán a sholáthar duit taobh istigh de 10 lá oibre. Sonrófar ansin an líon uaireanta an chloig cuardaigh/postáil a bheadh i gceist don ábhar agus an muirear/costas a bheadh le híoc agat dá mbeadh uait leanacht leis an rochtain. Sonrófar freisin an ceadmhach cóip den ábhar a thabhairt duit agus an costas a bhainfeadh le soláthar na cóipe sin, sa mbreis ar an rochtain féin.

Más mian leat dul ar aghaidh leis rochtain, beidh ort an muirear seo a íoc roimh ré.

Agus an táille íoctha agat le TG4, cuirfear ar an eolas tú maidir leis an modh ina gcuirfear an rochtain ar fáil duit ar an ábhar a d'fhiosraigh tú. Tabharfaidh an modh rochtana seo deis duit féachaint ar-líne ar an ábhar ar feadh 14 lá ón tús dáta nó féachaint air i gCeannáras TG4 ag

am a aontóidh tú féin agus  TG4. Ní bheidh ar do chumas é a íoslódáil ná a chóipeáil. Sa gcás go bhfuil cead ag TG4 cóip den ábhar a sholáthar duit d'úsáid phearsanta, cuirfear ar an eolas thú roimh ré faoin táille cóipeála atá i gceist agus má tá tú sásta an táille sin a íoc roimh ré, cuirfear cóip den ábhar ar fáil duit d'úsáid phearsanta.

Nóta Mínithe:

Rochtain an chuspóir, deis an t-ábhar a fheiceáil. Ní i gcónaí atá cead ag TG4 cóip a dhéanamh ná a dhíol. I gcás roinnt den ábhar atá i gCartlann TG4, tá srianta suntasacha nó cosc iomlán ar chóipeanna a dhéanamh, a sholáthar ná a dhíol leis an bpobal. Tá seo amhlaidh do chraoltóirí eile freisin.

Ceadaíonn an tAcht Craolacháin do TG4 muirear (táille) a ghearradh ar iarrthóirí rochtana, táille a ghlanfaidh an costas cuardaigh ar TG4 agus an t-iarratas á phróiseáil. Costas riaracháin na seirbhíse atá i gceist leis seo.  Ní ceadmhach do TG4 brabach a dhéanamh as.

# Foirm Ordaithe Cartlainne

# Archive Order Form

**Iarratas ar chóipeanna de chláir** (úsáid phríobháideach tís amháin)

**Application for copies of programmes** (for private and domestic use only)

Roimh aon iarratas a chur chugainn léigh na codanna anseo thíos a bhaineann le Coinníollacha agus Sonraí Íocaíochta.

## Eolas Pearsanta/Personal Information

* **Ainm & Sloinne / Please enter your name:**

-----------------------------------------------------------------------------------------------

* **Seoladh ríomhphoist / E-mail address:**

---------------------------------------------------------------------------------------------

* **Seoladh Poist / Postal address:**

---------------------------------------------------------------------------------------------

---------------------------------------------------------------------------------------------

- **Cuir d'uimhir theileafóin an lae anseo:** (cuir san áireamh cód rochtana idirnáisiúnta do thír nó cathair más infheidhme)
- **Please enter your day-time phone number**
  (including international access code for your country or city if applicable)

  **------------------------------------------------------------------------------------------------**

## Sonraí Faoin gClár: Programme Details:

*    **Teideal an chláir:  Programme title:**

**------------------------------------------------------------------------------------------------**

*    **Dáta craolta / Transmission date:** _______________

(Tá an t-eolas seo an-tábhachtach maidir le do chlár a aimsiú. Mura bhfuil sé ar fáil ní thig linn cóip a sholáthar de réir na sonraí íocaíochtaí agus na dtáillí atá liostaithe anseo thíos. Gearrtar táille €40 euro san uair ar thaighde breise.)

(The information provided above is vital. If this information isn't provided we won't be able to adhere to the costs listed below. An additional research cost of €40 euro per hour will be charged)

Cuir isteach aon sonraí eile maidir leis an gclár nó leis an ítim a theastaíonn uait:

Please enter any other details relating to the programme or item you require:

**------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------**
**--------**

----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------
--------

## Sonraí Íocaíochta / Payment details:

Déanfar teagmháil leat ar ríomhphost sa chás go bhfuil an clár atá uait ar fáil. Má bhíonn tú ag iarraidh an clár a cheannach, seolfar an costas atá i gceist chugat ar shonrasc chomh maith leis na sonraí íocaíochta don aistriú bainc.

**Níor cheart aon eolas airgeadais a chur chugainn ar ríomhphost.**

**Ní chuirfear an t-ábhar ar fáil go dtí go mbeidh an íocaíocht faighte againn.**

You will be contacted by e-mail if the programme you require is available. If you wish to purchase the requested item, you will be sent an invoice and payment details by means of a bank transfer for the necessary amount.

**No financial information should be sent to us by electronic mail.**

**Content will be made available only on receipt of payment.**

## Rátaí/Rates:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Clár 30 nóim | €88 + CBL @ 21% | = | €106.50 |
| Os cionn 30 nóim | €125 + CBL @ 21% | = | €151.00 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 30 minutes programme | € 88 + VAT @ 21% | = | €106.50 |
| Over 30 minutes | €125 + VAT @ 21% | = | €151.00 |

## Seachadadh / Delivery:

**Tógann seachadadh 21 lá ón uair a fhaightear seic.**

Allow 21 days from receipt of cheque for delivery.

## Coinníollacha / Conditions:

Ní ráthaíonn an t-iarratas seo go bhfuil ábhar áirithe ar fáil. Más rud é nach bhfuil ábhar ar fáil gheobhaidh tú scéala le ríomhphost. Tuigtear go soiléir gur le haghaidh úsáide príobháidí amháin atá aon chóip a sholáthraítear. Ní cheadaítear í a chóipeáil nó a úsáid in aon slí seachas an cúis gur sholáthaireach é, nó é a usáid in aon slí a dhéanfadh dochar d'aon duine nó comhlacht. Nuair a chuirtear an fhoirm seo chugainn táthar ag comhaontú leis na coinníollacha seo.

This application does not guarantee availability. Should material not be available you will be advised by e-mail. It is clearly understood that any copy provided is for private use only. It must not be copied or used in any manner, other than the specific purpose for which it is supplied or in any way which is detrimental to any person or body. Submission of this form constitutes agreement to these conditions.

* * * * *